



SPÓRT  
ÉIREANN  
EITIC

SPORT  
IRELAND  
ETHICS

**Treoir maidir le hlonchuimsiú  
Trasinscne agus  
Neamh-Dhénártha sa Spórt**

# CLÁR NA NÁBHAR

## CUID 1: CÚLRA AGUS BUNEOLAS

Intreoir	3
Neamhspleáchas	3
Séanadh	3
Gluais Téarmaí	4
Comhairliúchán	6
Comhthéacs	7
Beartais Náisiúnta agus Idirnáisiúnta	9
An Dlí	11
Cultúr an Ionchuimsithe	11

## CUID 2: DÉANAMH CINNTÍ

Gníomhartha	12
Déanamh Cinntí	16

## CUID 3: CUR I bhFEIDHM AGUS ATHBHREITHNIÚ

Ceisteanna Praiticiúla	18
Athbhreithniú Leanúnach	20

## CUID 4: TACAÍOCHTAÍ

21

### Rialú Leaganacha

Treoir Spórt Éireann maidir le hIonchuimsiú Trasinscne agus Neamh-Dhénártha sa Spórt

Uimh. Leagain	Dáta	Stádas
V1.0	Márta 2024	Faofa ag Bord Spórt Éireann

# CUID 1: CÚLRA AGUS BUNEOLAS

## INTREOIR

Is é Spórt Éireann an t-údarás reachtúil a bhfuil sé mar chúram air a bheith mar cheann feadhna agus mar thaca maidir le forbairt an spóirt in Éirinn, agus infheistíocht dhírithe a sholáthar ina leith sin. Tacaíonn Spórt Éireann le cur i bhfeidhm Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 i ndlúthpháirt leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Chomh maith lena bheith ag tacú le cur i bhfeidhm an Bheartais Náisiúnta Spóirt, tacaíonn Spórt Éireann le cur i bhfeidhm roinnt Straitéisí agus Beartais Uile-Rialtais trí ghníomhartha atá sannta dó. Tugann Spórt Éireann tacaíocht dhíreach, rialta airgeadais do 100 eagrais spóirt, lena n-áirítear 61 comhlacht neamhrialtais, 10 gcomhlacht maoinithe eile agus 29 comhpháirtíocht áitiúil spóirt. Tá sé tiomanta a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis na heagrais sin, a bheith ag obair ar a son, agus a bheith ag tacú leo ó thaobh a gcumas agus a n-inniúlacht a fhorbairt.

Le deich mbliana anuas tá ionchuimsiú agus incháilitheacht daoine trasinscneacha agus neamh-dhénártha sa spóirt ina cheist thábhachtach ag eagrais spóirt ar fud an domhain. Ar leibhéal na sochaí tá níos mó airde á díriú ar an gceist seo agus tá mionscrúdú á dhéanamh air.

Tá tiomantas ag Spórt Éireann dá ról maidir le cur i bhfeidhm Beartais agus Straitéisí Náisiúnta agus do bheith ag tabhairt tacaíochta don earnáil spóirt. Is sa chomhthéacs sin a chuir sé tús le próiseas chun treoir a fhorbairt don earnáil spóirt faoi ionchuimsiú trasinscne agus neamh-dhénártha sa spóirt.

## NEAMHSPLEÁCHAS

Aithníonn Spórt Éireann neamhspleáchas na gComhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt chun rialacha incháilitheachta agus rialacha comórtais a shocrú dá spóirt féin. Aithníonn sé san am céanna ról na gCónaidhmeanna Idirnáisiúnta freisin.

Is é is aidhm le foilsiú na treorach seo eolas a chur ar fáil don earnáil spóirt agus léargais a thabhairt a bheidh mar thaca nuair a bheidh cinntí á ndéanamh agus beartais á bhforbairt faoi ionchuimsiú trasinscne agus neamh-dhénártha sna spóirt éagsúla. Beidh an treoir seo ina chuidiú dóibh siúd ar mian leo úsáid a bhaint aisti.

## SÉANADH

Is mar thaca d'éagrais atá Spórt Éireann ag cur na treoircháipéise seo ar fáil.

Chun nach mbeidh aon amhras ann, is ceist do gach eagrais ar leith é cinneadh a dhéanamh faoi nádúr, cineál, raon agus formáid a gcuid beartas, gnáthamh agus próiseas féin.

Ní ráiteas ar an dlí atá sa cháipéis seo – ní hé sin is aidhm léi – agus ní comhairle dlí atá ann. Ní hionann an treoircháipéis seo agus comhairle ghairmiúil a fháil ó fhoinse oiriúnach, cháilithe, agus moltar d'éagrais spóirt féachaint ar a gcaipéisí rialaithe féin nó comhairle dlí neamhspleách a fháil nuair is gá.

Cé go bhfuil gach iarracht déanta ag Spórt Éireann a chinntiú go bhfuil an t-ábhar sa treoircháipéis seo cruinn, níl Spórt Éireann freagrach as aon earráidí, míchruinneas ná easnamh atá ann agus níl sé faoi dhliteanas maidir lena leithéid.

---

1 [Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027](#)

## GLUAIS TÉARMAÍ

Tá roinnt téarmaí agus acrainmneacha ar leith a bhaineann leis an ábhar seo le fáil sa treoircháipéis seo. Ar mhaithe le soiléireacht, tá an sainmhíniú ar chuid de na téarmaí leagtha amach thíos agus, nuair is cuí, tá siad ag teacht leis an sainmhíniú i Straitéis fhoilsithe Náisiúnta Óige LADTI+ an Rialtais. Aithníonn Spórt Éireann go mbíonn teangacha ag forbairt agus ag athrú i gcónaí agus gur ceist phearsanta ag go leor daoine é úsáid na bhfocal. Tá treoir theanga ionchuimsitheach, ghinearálta curtha le chéile ag Spórt Éireann agus déanfar í a uasdátú go rialta. Is féidir theacht uirthi sa chuid Éagsúlacht agus Ionchuismiú ar ár suíomh gréasáin: <https://www.sportireland.ie/transgenderguidance>

### Féiniúlacht inscne

Braistint inmheánach duine faoina inscne féin – mar a bhraitheann duine ina aigne féin faoina inscne

### Neamh-dhénártha

Féiniúlachtaí inscne nach fireann amháin ná baineann amháin iad

### Trasinscne

Téarma ginearálta ar aon duine a bhfuil a fhéiniúlacht inscne nó a léiriú inscne difriúil leis an inscne bhitheolaíochta a sannaíodh dó tráth a bhreithe.

### Tras

Leagan coitianta, giorraithe den téarma ‘trasinscne’.

### Aistriú inscne, aistriú

An próiseas aistrithe ó ghnéas nó inscne ar leith go gnéas nó inscne eile. Is féidir a leithéid a dhéanamh trí éadaí difriúla a chaitheamh, an dóigh a labhraíonn tú a athrú, smideadh a chaitheamh, do stíl ghruaige a athrú, d’ainm a athrú, hormóin a ghlacadh nó trí dhul faoi scian. Ní gá go mbeadh gach aon cheann de na céimeanna sin i gceist le haistriú; i ndeireadh na dála baineann sé leis an dóigh a mbraitheann duine faoi féin.

### Fear trasinscne

Duine ar sannaíodh gnéas baineann dó nuair a rugadh é agus a bhfuil féiniúlacht fir anois aige.

### Bean thrasinscne

Duine ar sannaíodh gnéas fireann di nuair a rugadh í agus a bhfuil féiniúlacht mná anois aici.

### LADTI+

Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach, Idirghnéasach – seasann an comhartha plus don raon níos leithne gnéaschlaonta agus féiniúlachtaí inscne.<sup>2</sup>

### Gnéas

Baineann gnéas le corpchló anatamaíoch agus fiseolaíoch rialaithe ag crómasóim a dtéann hormóin atáirgthe i bhfeidhm air i gcaitheamh an tsaoil. Sanntar gnéas fireann nó gnéas baineann tráth na breithe bunaithe ar na baill ghiniúna seachtracha.

2 Is féidir theacht ar na téarmaí uile a bhaineann leis an bpointe seo sa Straitéis Náisiúnta Óige LADTI+ <https://assets.gov.ie/24459/9355b474de34447cb9a55261542a39cf.pdf>

## Sport

Nuair a thagraímid do spórt, is é atá i gceist againn “gach cineál gníomhaíochta coirp a bhfuil sé mar aidhm leis, trí rannpháirtíocht neamhfhoirmiúil nó eagraithe, aclaíocht fhisiciúil agus folláine mheabhrach a fhorbairt, caidrimh shóisialta a bhunú, nó torthaí a bhaint amach i gcomórtais ag gach leibhéal. Tá an spórt mar chaitheamh aimsire agus an spórt iomaíoch araon san áireamh:

- An spórt mar chaitheamh aimsire - gach cineál gníomhaíochta coirp a bhfuil sé mar aidhm leis, trí rannpháirtíocht neamhfhoirmiúil nó rialta, folláine fhisiciúil agus mheabhrach a léiriú nó a fheabhsú, agus/nó caidrimh shóisialta a bhunú.
- Spórt iomaíoch – gach cineál gníomhaíochta coirp a bhfuil sé mar aidhm leis, trí rannpháirtíocht eagraithe, aclaíocht fhisiciúil a fheabhsú agus/nó torthaí feabhsaithe a bhaint amach i gcomórtais ag gach leibhéal.

## CI

Is eagrais rialaithe idirnáisiúnta iad Cónaidhmeanna Idirnáisiúnta atá freagrach as spórt ar leith nó níos mó ná spórt amháin a riar

## Ionchuimsiú

Baineann sé seo le meas a léiriú ar na luachanna éagsúla atá ag daoine. Baineann ionchuimsiú le hiompraíochtaí, roghanna agus réamhghníomhartha a bhfuil sé mar thoradh leo go mothaíonn daoine go bhfuil fáilte rompu agus meas orthu, agus a chothaíonn braistint mhuintearais iontu.

## CNR

Is eagrais aitheanta ag Spórt Éireann iad Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe a chomhordaíonn forbairt spóirt ar leith trína mballchumann.

## CÁS

Is tionscnamh de chuid Spórt Éireann iad Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a bhfuil sé mar aidhm leo forbairt an spóirt go háitiúil a chomhordú agus a chur chun cinn. Is iad príomhaidhmeanna na gComhpháirtíochtaí seo rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil úsáid á baint as áiseanna áitiúla ar an dóigh is éifeachtúla agus is féidir.

## COMHAIRLIÚCHÁN

In 2023 choimisiúnaigh Spórt Éireann próiseas comhairliúcháin leathan. Tá léargais dhifriúla cloiste againn agus tuigimid na hábhair bhuairimh atá ag lucht spóirt agus ag daoine as measc mhórphobal na hÉireann. San áireamh tá an pobal LADTI+, grúpaí ban, grúpaí creidimh agus daoine d'éitneachtaí éagsúla, agus daoine a bhfuil an spórt mar dhlúthchuid thábhachtach dá saol acu. Fuarthas ionchur ó lucht spóirt agus ón mhórphobal in Éirinn trí shuirbhéanna, agallaimh duine le duine agus fócasgrúpaí.

Bhí roinnt mílte duine páirteach sa phróiseas seo, go díreach agus go hindíreach araon, agus tá tuiscint mhaith againn ar na mórcheisteanna nach mór dúinn dul i ngleic leo agus lucht spóirt ag plé le cúrsaí chomh casta leo.

Léirigh na torthaí go bhfuil tuairimí an-éagsúla ag daoine faoin dóigh is fearr le gach uile dhuine a ionchuimsiú sa spórt. Cé go dtacaíonn cuid mhór daoine den phobal LADTI+ agus cuid mhaith daoine trasinsneacha agus neamh-dhénártha agus a dteaghligh leis an ionchuimsiú bunaithe ar fhéiniúlacht an duine atá i gceist, ní aontaíonn formhór mór na ndaoine atá ag obair sa spórt nó a bhíonn ag glacadh páirte ann leis sin – tá an darna grúpa seo i bhfabhar an chatagóir bhaineannach (de réir an ghnéis sannta tráth na breithe) a chosaint.

Bhí tacaíocht éigin i ngach grúpa do chead isteach sa chatagóir bhaineannach ach riachtanas sochtadh téististéaróin a bheith ann. Nuair a rinneadh suirbhé ar an mhórphobal trí Irish Sports Monitor, bhí éagsúlacht níos mó ann sna torthaí: bhí roinnt tacaíochta ann don ionchuimsiú, ach ba mhór an tacaíocht a bhí ann don chatagóiríú bunaithe ar an ngnéas sannta tráth na breithe.

Chuala muid moltaí faoi dhóigheanna le bheith níos ionchuimsithe ó thaobh deiseanna i gcuid de na spóirt ach rialacha nó córais scórála a leasú ionas gur féidir an spórt a chur ar fáil le catagóir ghnéis nó inscne mheasctha. Léiríodh tacaíocht freisin do dhóigheanna nua nó difriúla le spórt a fhorbairt ionas go mbeadh gnóthachtáil phearsanta níos tábhachtaí ná torthaí i gcomórtais. Féadfar na buntáistí folláine sóisialta a bhaineann le spórt a fhíorú trí chomórtais leasaithe foirne gan sábháilteacht a mhaolú. Mar sin féin, bhí lucht spóirt den tuairim nár chóir cothroime agus sábháilteacht sa spórt a laghdú trí chleachtais ionchuimsithe.

## COMHTHÉACS

Tá áit ann don uile dhuine sa spórt agus tá gach duine in ann gníomhaíocht fhisiciúil a dhéanamh. Tá fíis Spóirt Éireann leagtha amach sa Ráiteas Straitéise<sup>3</sup> is: *Éire ghníomhach inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as na buntáistí fadsaoil a bhaineann le spórt agus le gníomhaíocht fhisiciúil.*

De ghnáth bíonn spóirt rannta ina gcatagóirí d'fhir agus do mhná, agus do bhuachaillí agus do chailíní. Tá cúiseanna leis sin a théann i bhfad siar, ina measc cúiseanna sóisialta agus cothroime agus sábháilteachta i gcomórtais. De ghnáth, is fearr feidhmíocht na bhfear ná feidhmíocht na mban sa chuid is mó de na spóirt ina mbíonn tionchar ar an toradh ag méid fhisiciúil, neart, luas nó seasmhacht an duine. Is féidir an difríocht sin a thomhas sna spóirt sin ina gcláraítear torthaí oibiachtúla, amhail amanna rásaí sa snámh agus sa reathaíocht agus i spóirt ina mbíonn léim, tógáil agus caitheamh i gceist.


Tuigtear gur léiriú iad na difríochtaí i bhfeidhmíocht spóirt ar na próifílí éagsúla géiniteacha agus hormónacha atá ag fireannaigh agus bainearnaigh, agus go háirithe ar na tréithe fisiciúla éagsúla atá mar thoradh ar chaithreachas fireann nó bainearnaigh.

Tá comhréir idir difríochtaí forbartha, agus gnóthachtáil spóirt ag an dá ghnéas a bheith go suntasach difriúil lena chéile.

**10% - 12%** an difear i bhformhór na n-imeachtaí snámha agus reathaíochta

**~ 20%** an difear in imeachtaí léime

**30% - 50%** an difear ó thaobh ábaltacht tógáil meáchan



Is sa chrios ghuaileach is mó atá buntáiste ag an bhfireannach, rud a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht ó thaobh gníomhaíochtaí casta in uachtar an choirp, amhail smitín sa haca nó buille doirne.

Is féidir le gach duine a fheidhmíocht spóirt a fheabhsú ach oiliúint agus taithí a fháil. Mar sin féin, ar an meán bíonn feidhmíocht na bhfireannach níos fearr ná feidhmíocht na mbainearnaigh i gcomórtais de gach leibhéal agus ag gach aois. I gcás daoine nach bhfuil a bhféiniúlacht inscne ag teacht lena ngnéas tráth na breithe, féadfaidh sé go bhfuil tréithe fisiciúla acu a thagann níos mó lena ngnéas tráth na breithe ná a bhféiniúlacht inscne; féadfaidh sé gur fíor sin fiú i ndiaidh máinliachta nó cúram sláinte dearbhaithe míochaine. I gcás an aistrithe inscne, d'fhéadfadh sé go mbeadh sochtadh téististéaróin i gceist do mhná trasinscneacha agus breisiú téististéaróin d'fhir thrasinscneacha (nó i gcásanna áirithe, do dhaoine neamh-dhénártha ar sannaíodh gnéas bainearnaigh dóibh tráth a mbreithe).

3 [Straitéis Spóirt Éireann 2023 - 2027](#)

Faoi láthair, léiríonn an fhianaise eolaíochta go maireann cuid de dheitéarmanaint fhisiciúla na feidhmíochta spóirt sa duine i ndiaidh aistriú inscne, agus go bhféadfadh siad maireachtáil ar feadh roinnt blianta i ndiaidh go gcuirtear tús leis an teiripe. Ar an meán, fanann neart agus méid na matán mar a bhí i mná trasinscneacha i ndiaidh dóibh aistriú, agus bíonn a méid agus cruth a gcorp mar a bhí freisin. Féadfaidh sé go mbainfidh fir thrasinscneacha leibhéil na bhfireannach amach ó thaobh mhéid na matán taobh istigh de chúpla bliain ón mbreisiú téististéaróin, ach ní ó thaobh méid agus cruth a gcorp. Cé gur i suíomhanna cúram sláinte is mó atá taighde déanta go dtí seo le monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí an aistrithe i dtaca le daoine fásta gan oiliúint, níl aon chúis ann a bheith ag ceapadh go mbeadh aon difear soiléir le sonrú ó thaobh éifeachtaí fhisiciúla agus fiseolaíochta de i lúthchleasaithe oilte, ach amháin gur dócha go bhfuil mais na matán sa darna grúpa seo níos mó.

Cé go bhfuil réimse leathan ábaltachaí le fáil sa daonra, is fearr feidhmíocht na bhfireannach ná feidhmíocht na mbaineannach sa spórt de ghnáth; is dócha go maireann difríochtaí fhisiciúla i ndaoine a aistríonn a n-inscne, rud a chiallaíonn go mb'fhéidir go mbeidh buntáiste feidhmíochta ag mná trasinscneacha.

Ceist chasta é an áit is fearr a aimsiú do gach uile dhuine mar níl gach duine ar aon intinn faoin dóigh le catagóirí sa spórt a shainmhíniú, go háirithe catagóirí atá bunaithe ar an dénárthán reatha fireann/baineann. San am a chuaigh thart, glacadh leis go forleathan go bhfuil an scoilt de réir fireann/baineann sa spórt bailí mar gheall ar chorpchlónna éagsúla an dá ghnéas. Tá tuiscint nua ag teacht chun cinn sa tsochaí sa lá atá inniu ann maidir le hinscne, nach bhfuil bunaithe i gcónaí ar thréithe fhisiciúla.

Is do chách an spórt. Baineann an treoir seo le conas gach duine a ionchuimsiú – agus a chinntiú san am céanna go dtuigimid riachtanais gach duine.



## BEARTAIS NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

Le 25 bliain anuas, is minic athrú theacht ar bheartais ionchuimsithe i gcatagóirí fireanna agus baineanna. Chuir Coiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha deireadh le tástáil ghéiniteach i dtaca leis an gcatagóir bhaineannach ag deireadh na 20ú haoise. Sa tréimhse ó shin, bhí ionchuimsiú trasinscne bunaithe sa chéad dul síos ar aistriú máinliachta, agus ansin ar shochtadh hormónach (téististéarón) i gcás mná trasinscneacha. Ar na mallaibh, rinne Coiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha moladh ar mhaithe le neamhchlaontacht: thug siad le fios gur chóir do gach spóirt ar leith a bheartas féin a cheapadh agus tá difríochtaí treorach agus beartais anois ann sna spóirt éagsúla. (Tá roinnt spóirt ag déanamh athbhreithniú ar a mbeartais faoi láthair, mar sin is dócha go dtiocfaidh athrú ar an eolas seo.

Seo thíos, mar eolas, roinnt nascanna le beartais reatha agus stairiúla.

Tugtar ar aird nach liosta cuimsitheach é seo agus gur ar mhaithe le heolas amháin a thabhairt atá sé á chur i láthair anseo. Tá an t-eolas seo cruinn am a dhréachtaithe, agus is tábhachtach a choinneáil ar intinn go mb'fhéidir go dtiocfadh athrú air san am atá le theacht.

### **Ráitis Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha:**

[Ráiteas 2003 Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha](#)

[Ráiteas 2011 Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha](#)

[Ráiteas 2015 Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha](#)

[Ráiteas 2021 Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha](#)

### **Tá beartais bunaithe ar shochtadh téististéaróin ag cuid de na spóirt i gcónaí:**

[LPGA \(Galf\) – Leibhéal téististéaróin faoi 10nmol/L, aistriú máinliachta san áireamh](#)

[Trí-atlan Domhanda – Leibhéal téististéaróin faoi 2.5nmol/L ar feadh 24 mí roimh chomórtas](#)

[Rámhaíocht Dhomhanda – Leibhéal téististéaróin faoi 2.5nmol/L ar feadh 24 mí roimh chomórtas](#)

**I roinnt spóirt, déantar measúnú painéil nó measúnú riosca ar dhaoine i ndiaidh dóibh dul do shochtadh téististéaróin. Is é seo an beartas a ghlac Peil na mBan in Éirinn ar na mallaibh.**

[LGFA \(Peil\) – Beartas Trasinscne](#)

Le blianta beaga anuas, tá beartais eisiithe ag roinnt spórt bunaithe ar chatagóir bhaineann /catagóir fhireann bunaithe ar ghnéas an duine tráth na breithe, agus i gcuid de na beartais tá catagóir bhaineann agus catagóir oscailte ann. I spóirt áirithe, bíonn ionchuimsiú daoine trasinscneacha agus neamh-dhénártha sa chatagóir bhaineann bunaithe ar an duine, bean thrasinscneach mar shampla, gan a bheith i ndiaidh dul tríd an gcaithreachas fireannach.

Rugbaí Domhanda – Treoirlínte um Imreoirí Trasinscneacha

Uiscíocht Dhomhanda – Beartas Incháilitheachta maidir le hInscne

Rialacha Incháilitheachta Lúthchleasaíochta Domhanda do Lúthchleasaithe Trasinscneacha (C3.5)

An tAontas Idirnáisiúnta Rothaíochta – Rialacháin Incháilitheachta do Rothaithe Trasinscneacha

**Tá Cónaidhmeanna Idirnáisiúnta ann a ligeann daoine isteach i gcatagóirí de réir a n-inscne fhéindearbhair:**

Cróice Domhanda

**I dtíortha áirithe tá na beartais atá ag cuid de na spóirt maidir le comórtais intíre ag teacht salach leis an gCónaidhm Idirnáisiúnta, mar shampla:**

Rámhaíocht Dhomhanda agus Rámhaíocht na Breataine

Trí-atlan Domhanda agus Trí-atlan na Breataine

Rugbaí Domhanda agus Rugbaí Cheanada

**Tá spóirt eile ag teacht leis an gCónaidhm Idirnáisiúnta, mar shampla:**

Rugbaí Domhanda agus Cumann Rugbaí na hÉireann

UCI agus Rothaíocht Éireann

Níl beartas maidir le hionchuimsiú daoine trasinscneacha socraithe faoi láthair agus tá difríochtaí le fáil i gcónaidhmeanna idirnáisiúnta a rialaíonn spóirt éagsúla. I roinnt tíortha, níl beartais an Chomhlacht Náisiúnta Rialaithe áitiúil do chomórtais intíre ag teacht le beartas na Cónaidhme Idirnáisiúnta.

## AN DLÍ

**\*\*Mar a luaíodh ag tús na treoircháipeise seo, ní comhairle dlí atá ann. Moltar d’eagrais ar mian leo beartas a fhorbairt sa réimse seo comhairle dlí a fháil dóibh féin.\*\***

Tá roinnt dlíthe in Éirinn a d’fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le hionchuimsiú trasinscne sa spórt. Seo a leanas samplaí de reachtaíocht ghaolmhar, ach ní liosta cuimsitheach é:

**An tAcht um Inscne a Aithint 2015** Is acht é seo chun *“athrú inscne a aithint; chun foráil do theastais aithint inscne”*.<sup>4</sup> Forálann sé d’aithint athrú inscne ag duine.

**Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2018<sup>5</sup>** (‘na hAchtanna’) Leis na hachtanna seo tá cosc ar leithcheal maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, lóistín agus oideachais, ach tá eisceachtaí ar leith ann. Tá naoi gcatagóir leithcheala ann: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, gnéaschlaonadh, cine, reiligiún agus a bheith mar dhuine den phobal Taistealaithe. Tá eolas ar na hAchtanna le fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, lena n-áirítear eisceachtaí ábhartha in imeachtaí spóirt. Tá tuilleadh eolais le fáil an nasc seo.

## CULTÚR AN IONCHUIMSITHE

Mar chuid den chomhairliúchán a choimisiúnaigh Spórt Éireann in 2023, labhair an lucht comhairliúcháin le daoine atá éagsúil ó thaobh inscne agus lena dteaghlaigh agus tacadóirí, agus chuala siad a dtuairimí faoin tábhacht a bhaineann le hionchuimsiú agus le spás a aimsiú dóibh féin sa spórt. Baineann sé seo ní hamháin le praiticiúlachtaí beartas agus rialacha, ach leis an gcultúr sa spórt freisin. Tugadh samplaí den deachleachtas agus de dhrocheispéiris freisin. Tugadh eolas faoi fhorbairtí maithe i roinnt spóirt ar leith agus faoi ghníomhartha daoine aonair, ach tugadh eolas chomh maith ar righneas daoine eile nach dtuigeann fós an réasúnaíocht a bhaineann le timpeallachtaí ionchuimsitheacha a chruthú. Tá ról tábhachtach ag an spórt agus acu siúd atá páirteach i struchtúr an spóirt maidir le conair forbartha an phobail agus conas dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le sochaí ina bhfuil níos mó éagsúlachta.

Lena chois sin, chuala lucht an chomhairliúcháin ó roinnt mhaith daoine sa spórt a bhfuil imní orthu faoi impleachtaí féideartha cothroime agus sábháilteachta dá mbeadh ionchuimsiú bunaithe ar inscne fhéindearbhairthe seachas ar chatagóirí gnéasbhunaithe. Chreid céatadán suntasach de fhreagróirí dá dtabharfaí tús áite don éagsúlacht inscne go rachadh sé i bhfeidhm ar rannpháirtíocht grúpaí áirithe sa spórt, spórt baineann go mór mhór. Caithfear na tuairimí seo go léir a ghlacadh san áireamh agus beartas á fhorbairt agat i do spórt féin.

Molann Spórt Éireann do chách cleachtas ionchuimsithe, aitheantais agus measa a fhorbairt, cibé cén dóigh a mbaintear é sin amach agus cibé cén fhormáid iomaíochta a roghnaíonn tú.

**Molann Spórt Éireann go mór d’eagrais éiteas an ionchuimsithe a bheith mar bhunús lena gcuid oibre sa réimse seo. Ciallaíonn sé sin, nuair atá beartas á cheapadh ag eagrais, nach mór dóibh a fhiosrú conas rannpháirtithe trasinscneacha agus neamhdhénártha a ionchuimsiú seachas a bheith ag smaoineamh ar chóir iad a ionchuimsiú.**

<sup>4</sup> [An tAcht um Inscne a Aithint 2015](#)

<sup>5</sup> <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2000/act/8/enacted/en/html>

## CUID 2: DÉANAMH CINNTÍ

Féachtar sa chuid seo le heolas agus léargas a thabhairt d'eagrais a bheidh úsáideach dóibh nuair atá beartas dá spórt féin sa réimse seo á fhorbairt acu. Ábhar tacaíochta, agus ní ábhar saintreorach, atá ann. Ní bhaineann na roghanna agus gníomhartha atá leagtha amach thíos le gach spórt. Moltar d'eagrais an t-eolas thíos a bhreithniú agus a chur in oiriúint de réir mar is gá le freastal ar riachtanais a spórt féin.

**Frithdhópáil:** Ní mór do gach eagrais agus do dhuine aonair déanamh de réir rialúcháin frithdhópála. Tá na tagairtí sa cháipéis seo do dhaoine a bheith ag glacadh páirte i gcatagóirí ar leith bunaithe ar rialúcháin frithdhópála agus ar a gcomhlíonadh.

### GNÍOMHARTHA

Tá próiseas céim ar chéim leagtha amach thíos a thiocfadh le heagrais a leanúint nuair atá beartas sa réimse seo á cheapadh. Níl sé cuimsitheach agus ag brath ar an gcineál eagrais atá i gceist, is gá na gníomhartha go léir atá liostaithe a dhéanamh, nó díreach cuid acu. Seans go smaoineodh eagrais ar ghníomhartha breise ar ghá iad a dhéanamh.

Ní mór d'eagrais a aithint cén chéim ar a bhfuil siad faoi láthair maidir le beartas a cheapadh, mar beidh tionchar aige sin ar an dóigh a dtéann tú i ngleic leis an gcáipéis seo. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith úsáideach agus eagrais ag socrú cén chéim ina gcuid forbartha ar a bhfuil siad.

- *An bhfuil beartas ag d'eagrais cheana féin agus ar mhaith leat é a athbhreithniú agus a uasdátú?*
- *An bhfuil beartas ag d'eagrais, agus gan aon phleananna agaibh faoi láthair é a athbhreithniú agus a uasdátú?*
- *An bhfuil d'eagrais i mbun beartas a fhorbairt?*
- *An bhfuil d'eagrais ag tús an phróisis chun a chéad bheartas a fhorbairt?*

Beidh úsáid na treoircháipéise seo agat ag brath ar do fhreagra ar na ceisteanna thuas. B'fhéidir gur mhaith le d'eagrais am agus acmhainní a chaitheamh le gach céim atá leagtha amach thíos a dhéanamh d'fhonn beartas nua a fhorbairt. Nó b'fhéidir gur mhaith leat an treoircháipéis a úsáid mar fhoinsé tagartha le tacú le cur i bhfeidhm beartas atá ann cheana féin. Nó seans nach bhfuil ann duit ach foinse eolais.

#### Céim 1: BUNAIGH TASCGRÚPA LENA SHOCRÚ CAD É DO BHEARTAS

Ní mór go mbeadh an tascgrúpa chomhdhéanta de na daoine seo a leanas, nó cuid acu:

- Bainisteoir(i) sinsearach(a) nó comhalta(i) boird
- An té atá freagrach as Comhionannas, Éagsúlacht agus lonchuimsiú (nó a mhacasamhail de dhuine), nó ionadaithe ábhartha ón gComhlacht Náisiúnta Rialaithe
- Oifigigh Spóirt – cóitseálaithe, moltóirí, réiteoirí, srl.
- Oifigeach forbartha spóirt (nó a chomhionann)
- Daoine a bhfuil saineolas ábhartha eolaíochta agus míochaine acu.

#### Céim 2: FEIDHMEANNA AN TASCGRÚPA AGUS AMLÍNE A AONTÚ

Ní mór don tascgrúpa plean gníomhartha agus amlíne a dhéanamh amach d'fhonn cur chuige molta beartais maidir le ionchuimsiú trasinscneach agus neamh-dhénártha i do spórt féin a aontú.

## Céim 3: ÁBHAR MACHNAIMH

Ní mór machnamh a dhéanamh ar na réimsí seo a leanas:

### 1. Athbhreithniú ar Bheartais Idirnáisiúnta

An bhfuil beartas ag do Chónaidhm Idirnáisiúnta sa réimse seo? Má tá, is tábhachtach eolas a chur air agus, más féidir, treoir agus tacaíocht a lorg uathu agus tú ag obair ar an bpróiseas seo.

Cad iad na beartais eile atá i bhfeidhm go hidirnáisiúnta, agus cén ghaolmhaireacht atá acu le do spóirt féin? Tá roinnt samplaí le fáil ar leathanach 9 agus 10 sa treoircháipéis seo. Mar sin féin, lena chinntiú go bhfuil an Tascghrúpa sásta go bhfuil tuiscint mhaith acu ar réimse leathan de na beartais idirnáisiúnta agus náisiúnta atá ann cheana féin, ní mór tuilleadh taighde a dhéanamh a bhaineann leis an spóirt atá i gceist de réir mar is cuí.

### 2. Fíricí a Aimsiú

#### a. Eolaíocht spóirt agus anailís feidhmíochta maidir le do spóirt

Chun cinntí a dhéanamh faoi bheartas ionchuimsithe inscne, b'fhiú smaoineamh ar na gnéithe éagsúla a bhaineann leis an spóirt áirithe atá i gceist. Tá éagsúlachtaí le fáil i spóirt ar leith maidir lena oiread a imríonn difríochtaí fisiciúla tionchar ar thorthaí i gcomórtais. Na spóirt sin inar buntáistí iad neart, luas, méid agus cumhacht phléascach, is dóchúil gur fearr a éireoidh le hiomaitheoirí a chuaigh trí fhorbairt fhisiciúil fhireann iontu. Tá spóirt eile ann atá bunaithe ar theicníc ach ina mbíonn tionchar ag méid fhisiciúil ar thorthaí i gcomórtais. Tá spóirt eile ann atá neodrach ó thaobh inscne de nádúr agus nach bhfuil na torthaí iontu ag brath ar mhéid agus cruth fhisiciúil an iomaitheora amháin, mar shampla eachaíocht agus mótar-spóirt.

Tá gné bhreise le glacadh san áireamh agus measúnú á dhéanamh i dtaca le hionchuimsiú i spóirt teagmhála, imbhuailte agus comhraic mar gheall ar an mbaol gortaithe agus nádúr fhisiciúil comórtais ucht le hucht. Níl aon taighde déanta a bhaineann go sonrach le líon gortuithe i dtaca le hionchuimsiú inscne, ach aithnítear an baol ionchasach i dtreoir atá ag Coiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha agus sna beartais atá ag spóirt áirithe.

D'fhéadfadh fir thrasinscneacha, mná trasinscneacha agus daoine neamh-dhénártha a bheith i gceist, mar shampla:

Éilíonn Rugbaí Domhanda, a shocraíonn na rialacha do chluichí idirnáisiúnta, “Deimhniú ábaltachta fisiciúla” i gcás fear trasinscneach sula gceadaítear dóibh imirt i rugbaí na bhfear, agus níl mná trasinscneacha incháilithe le himirt i rugbaí na mban.

Tá prótacal ag Peil na mBan le haghaidh measúnú aonair sa chás ina mbeadh “Baol Doghlactha” ag baint le hionchuimsiú ban trasinscneach.

Tá samplaí sa léaráid thíos de raon leathan spórt – iad siúd a imrítear “go comhthreomhar” agus spóirt teagmhála, imbhualte agus comhraic araon.



### b. Breithnigh an méid atá á dhéanamh ag spóirt chomhchosúla le do cheannsa i ndlínsí eile

Chomh maith le beartas a gCónaidhme Idirnáisiúnta a bhreithniú, b’fhiú d’eagrais beartais atá i bhfeidhm ina spórt féin i ndlínsí eile a aimsiú mar d’fhéadfadh sé go mbeadh an comhthéacs ábhartha.

Lena chois sin, d’fhéadfaí beartais atá i bhfeidhm ag spóirt chomhchosúla i do dhlínse féin nó i ndlínsí eile a bhreithniú.

## 3. Anailís ar do spórt

Ní mór duit anailís a dhéanamh ar an eolas go léir agus tuiscint a fháil air, agus ar an ngaolmhaireacht idir é agus do spórt féin

### a. Luachanna do spóirt

Breithnigh an luach atá le leithéidí cothroime, sábháilteachta agus ionchuimsithe i do spórt féin. An bhfuil luachanna eile ann ar gá iad a bhreithniú?

### b. Formáidí comórtas

Cén struchtúr atá ar do spórt agus cén t-athstruchtúrú ba ghá a dhéanamh le tacú le cur i bhfeidhm do bheartais?

- ▶ Tá bealaí inar féidir ionchuimsiú a bhaint amach forbartha i gcuid mhór spóirt cheana. I gcásanna áirithe, tá leasú déanta cheana ar fhormáidí a bhí ann san am a chuaigh thart, mar shampla comórtais mheasctha. Cé go mb’fhéidir go mbeadh srianta i bhfeidhm anois maidir le measadh inscní i spóirt foirne, b’fhéidir go bhféadfaí formáidí a fhorbairt nach bhfuil a leithéid ag teastáil ina leith. B’fhéidir gur mhaith le spóirt leasú ar rialacha imeartha nó ar chórais scórála a bhreithniú d’fhonn samhail níos ionchuimsithe dá spóirt a chruthú. Tá samhlaigha ionchuimsitheacha le fáil i spóirt áirithe cheana: cluiche corr, Ultimate Frisbee agus Quadball.

- ▶ Rannpháirtithe neamh-dhénártha: Tá formhór an spóirt bunaithe ar na catagóirí fireann/baineann, mar sin tá sé tábhachtach tuiscint a léiriú ar riachtanais na ndaoine siúd nach bhfuil a bhféiniúlacht ag teacht leis an dénárthán sin agus iad a chomhlíonadh. De ghnáth, moltar do dhaoine atá solúbtha ó thaobh inscne de nó atá neamh-dhénártha an chatagóir is mó a thagann lena bhféiniúlacht a roghnú. Ar an láimh eile, féadfaidh sé go mbeidh spóirt áirithe in ann rannpháirtíocht atá neodrach ó thaobh gnéis nó inscne de a éascú.
- ▶ Ceisteanna aoise: Ceadaíonn cuid mhór spóirt comórtais mheasctha ó thaobh inscne de faoi 12 bhliain d'aois, cé go bhfuil difríochtaí feidhmíochta intomhaiste le fáil idir an dá ghnéas ag gach aois. Féadfaidh sé go bhfuil fáthanna tábhachtacha socheolaíochta ann le spórt atá scartha amach ó thaobh inscne a chur ar fáil do pháistí. Lena chois sin, bíonn an difear fisiciúil níos mó nuair a thagann caithríú fireann, agus táthar den tuairim i bhformhór na spórt gur gá catagóirí gnéis ar leith a chur ar fáil i ndiaidh 11 bhliain d'aois le riachtanais chothroime agus sábháilteachta a chomhlíonadh. Faoin am a shlánaítear 14 bliana, féadfaidh sé go mbeidh torthaí lúthchleasaithe fireanna i gcomórtais ar aon chéim le torthaí i gcomórtais do bhaineannaigh fhásta; tá buachaillí 14 bliana d'aois ann atá ag sárú curiarrachtaí domhanda baineannach fásta.

### c. Leibhéal spóirt

Bíonn an spórt ina ábhar áineasa nó ina ábhar iomaíochta. Is tábhachtach an 'cuspóir' atá le himeacht nó gníomhaíocht a bhreithniú: An mbaineann an t-imeacht go príomhá le comhtháthú sóisialta agus le folláine fhisiciúil agus mheabhrach, nó an iad torthaí i gcomórtais tosaíocht na rannpháirtithe? Cé go bhfuil beartais shainiúla éagsúla ag cuid de na spóirt ag brath ar scoth an spóirt nó spórt áineasa a bheith i gceist, tá spóirt eile ann ina bhfuil an beartas céanna i bhfeidhm beag beann ar an leibhéal. D'fhéadfadh a leithéid a bheith tábhachtach i spóirt foirne go mór mhór, inar mó an baol gortaithe i spóirt pobalbhunaithe mar gheall ar leibhéal scile níos ísle.



#### POINTE EOLAIS

Tá gníomhaíocht ghinearálta an-tábhachtach don fholláine fhisiciúil agus mheabhrach. Cé go gcuireann Spórt Éireann gníomhaíocht fhisiciúil chun cinn, baineann sé níos mó le téarmaí tagartha na Roinne Oideachais agus na Roinne Sláinte. Níor choir go mbeadh aon bhac ar ghníomhaíocht fhisiciúil, ach ba chóir go mbeadh gach duine in ann an fhormáid is compordaí dóibh féin a aimsiú.

## 4. Próisís chomhairliúcháin i do spórt féin agus sa phobal

Tá sé iontach tábhachtach dul i gcomhairle le do chuid ball maidir lena riachtanais agus tuiscintí sa réimse seo. Go hidéalach, ba chóir a leithéid a dhéanamh go neamhspleách nó le comhairle sheachtrach. Ach an próiseas comhairliúcháin a dhéanamh go neamhspleách, beidh an spás ag bail a dtuairimí a chur in iúl gan ainm. Lena chois sin, siocair gur dócha nach bhfuil saineolas i d'eagrais féin faoi na cúrsaí seo, d'fhéadfadh tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha a bheith úsáideach ag eagrais atá ag iarraidh a mbealach a dhéanamh tríd an bpróiseas comhairliúcháin, lena n-áirítear ceisteanna suirbhéireachta agus a leithéid a cheapadh.

Ní mór tuairimí agus riachtanais do chuid ball agus páirtithe leasmhara a ghlacadh san áireamh síos tríd an bpróiseas seo. Bíodh an pobal LADTI+, grúpaí spóirt ban, grúpaí míchumais, grúpaí paraclaíochta, srl. san áireamh. Ba cheart go dtuigfeadh gach duine go dtabharfar eolas do na bail ina míneofar an próiseas agus ina sonrúfar cad chuige a ndearnadh cinntí ar leith.

## 1. Deiseanna nua ionchuimsithe

Breithnigh ar dtús na deiseanna atá ann le hionchuimsiú a chur ar fáil i do spórt: ba chóir go mbeadh gach grúpa agus pobal in Éirinn san áireamh. D'fhéadfaí ionchuimsiú a bhaint amach de réir phríomhshamhail iomaíochta do spóirt, ach d'fhéadfaí é a fhorbairt freisin trí fhormaidí atá ann cheana a leasú, nó fiú trí leaganacha nua de do spórt a chruthú. Nuair a fhorbraíonn tú formáid le haghaidh catagóiríú tá sé tábhachtach a mheas an bhfuil áit ann do gach duine, agus an mbeidh áit ag daoine de cheachtar gnéas nó d'inscne ar bith sa chreat comórtas. Bí soiléir faoin gcaoi a ndéanfar freastal ar gach uile dhuine i do spórt.

Maidir le daoine trasinscneacha agus neamh-dhénártha, tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar cad is féidir le do spórt a thairiscint ó thaobh samhail rannpháirtíochta agus deiseanna iomaíochta chomh maith.

Seans go bhfuil daoine i do spórt féin, in eagrais spóirt eile, in Spórt Éireann agus i measc phearsanra Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe ar féidir leo ionchur a thairiscint maidir le gnéithe den ionchuimsiú ar fud do spóirt agus maidir leis an dóigh ar féidir nasc a dhéanamh idir sin agus bealaí eile le deiseanna a chruthú do gach duine sa spórt.

### Céim 4: ÁBHAR MACHNAIMH

#### **Cad iad na himpleachtaí atá ag na cúrsaí seo don spórt?**

Cad iad na luachanna atá mar bhonn le do spórt agus a thiomáineann an cultúr ann? Tríd an bpróiseas seo beidh tú in ann cinntí a dhéanamh bunaithe ar na tosaíochtaí atá i do spórt.

Teastaíonn ó gach duine go bhfásfaidh agus go n-éireoidh lena spórt féin, agus is féidir é sin a dhéanamh tríd an ionchuimsiú agus trí áit a thairiscint do gach duine. Ní hionann ionchuimsiú i ngach spórt. Moltar duit smaoineamh ar ionchuimsiú san iomlán – maidir le gach grúpa i bpobal na hÉireann. Tá sé tábhachtach a mheas an bhféadfadh tionchar a bheith ag ionchuimsiú ar eispéiris daoine eile agus ar an dóigh a bhféadfaí é sin a bharrfheabhsú do gach duine. Áirítear leis seo ceisteanna cothroime agus, más ábhartha, ceisteanna sábháilteachta i do spórt, agus an luach atá ag do bhaill leis seo.

#### **DÉANAMH CINNTÍ**

Tá sé tábhachtach go n-infheistíonn eagrais am agus acmhainní lena chinntiú gur próiseas láidir é a bpróiseas déanamh cinntí agus gur féidir é a chur i bhfeidhm agus do bhaill a chur ar an eolas faoi. Má chaitheann tú am ar na gníomhartha agus ceisteanna atá leagtha amach thuas, agus ar aon cheisteanna breise a aithint, beidh tú in ann theacht ar chinneadh eolasach do do spórt.

Is é an chéad chéim eile d'eagrais ná an fhoghlaim go léir ón bpróiseas a ghlacadh chucu féin agus cinneadh a dhéanamh faoin gcur chuige a ghlacfaidh siad i leith beartais.



Bunaithe ar na beartais reatha atá i bhfeidhm, is dócha gurb iad seo a leanas na príomhroghanna beartais maidir le hionchuimsiú trasninsneach:

1. Féin-aithint bunaithe ar inscne (mná, fir (nó cailíní agus buachaillí); is féidir le spóirt áirithe soláthar a thairiscint bunaithe ar inscní eile/neamh-dhénárthacht).
2. Catagóirí inscne le riachtanais iontrála (de ghnáth, sochtadh téististéaróin chun daoine tras agus neamh-dhénártha a ligean isteach sa chatagóir bhaineann).
3. Catagóirí gnéasbhunaithe a bhaineann le gnéas breithe; (baineann/fireann nó baineann/oscailte)\*. Is éard is catagóir oscailte ann catagóir ina bhfuil na rannpháirtithe go léir incháilithe beag beann ar ghnéas nó ar fhéiniúlacht inscne.

Tá beartas ag spóirt áirithe a léiríonn an tuiscint go bhfuil dhá chatagóir ann (de ghnáth) bunaithe ar ghnéas - fireann nó baineann - agus bíonn beartas sainiúil trasinsneach nó ionchuimsiú inscne ann sa bhreis air sin.

Fiú sna catagóirí inscnebhunaithe, nó gnéasbhunaithe, ba cheart do spóirt a chinntiú go bhfuil áit ann do gach duine chomh fada agus atá siad compordach é sin a dhéanamh. Freastalaíonn catagóirí inscnebhunaithe, le ceanglais iontrála nó gan iad, ar incháilitheacht de réir fhéiniúlacht inscne an duine aonair, nó ligtear daoine isteach sa chatagóir is mó a thagann lena n-inscne. Ar an mbealach seo tá bean thrasinsneach incháilithe do chatagóir na mban, tá fear trasinsneach i gcatagóir na bhfear, agus tá daoine neamh-dhénártha sa chatagóir a roghnaíonn siad féin. Mar sin féin, tá roghanna ann freisin do dhaoine tras páirt a ghlacadh i gcatagóirí gnéasbhunaithe. Tá samplaí ann cheana féin de mhná trasinsneacha a bheith san iomaíocht go rathúil i spóirt na bhfear, fir thrasinsneacha a bheith san iomaíocht i spóirt na mban, agus daoine neamh-dhénártha a bheith i gcatagóir a mbreithe. Tá siad seo ag teacht go hiomlán le rialacha an spóirt fad is a chomhlíontar rialúcháin frithdhópála. Tá sé tábhachtach go gcuireann an spóirt ionchuimsiú chun cinn trí chatagóirí gnéasbhunaithe beag beann ar fhéiniúlacht inscne ionas gur féidir glacadh le daoine tras agus neamh-dhénártha agus go mbeidh siad compordach sna dálaí seo.

**Nuair a bheidh cinneadh déanta agat maidir leis an bhformáid/na formáidí iomaíochta a mbeidh tú ag tacú leo i do spóirt, bíodh samhail aonair nó roghanna éagsúla i gceist, ba cheart go léireodh do bheartas na haidhmeanna, na próisis agus na torthaí atá uait.**

\* Maidir le catagóirí gnéasbhunaithe, mar atá sainmhínithe ag roinnt cónaidhmeanna idirnáisiúnta, d'fhéadfadh siad siúd nach ndeachaigh trí chaitreachas fireann páirt a ghlacadh i gcatagóir na mbaineannach. Ós rud é go n-éilíonn sé seo idirghabháil leighis i leanaí faoi aois, ba cheart a bheith cúramach agus a leithéid de bheartas á fhorbairt agus sainchomhairle leighis a lorg.

### **i** POINTE EOLAIS

Maidir le Difríochtaí Forbartha Gnéis, thiocfadh le heagrais comhairle a lorg óna gCónaidhm Idirnáisiúnta.

### **i** POINTE EOLAIS

#### **An Chatagóir Bhaineann agus Oscailte**

B'fhéidir go roghnódh spóirt ar leith Catagóir Bhaineann agus Catagóir Oscailte araon a bheith acu. Is daoine ar sannaíodh gnéas baineann dóibh tráth a mbreithe amháin atá ceadaithe sa Chatagóir Bhaineann, agus tá cead isteach sa Chatagóir Oscailte ag gach iomaitheoir, beag beann ar a ngnéas nó a n-inscne. Más é seo do rogha do do spóirt féin, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar conas is féidir an Chatagóir Oscailte a dhéanamh fáilteach agus ionchuimsitheach do gach rannpháirtí ionchasach.

#### **Catagóirí Sonracha Tras**

Ag an am seo, seans go measfar nach bhfuil catagóirí ar leith d'iomaitheoirí trasinsneacha oiriúnach ná nach mbeidh fáilte rompu ag formhór na ndaoine trasinsneacha. Tá Catagóir Neamh-Dhénártha curtha ar fáil ag roinnt spóirt ar leith agus roinnt iomaitheoirí Neamh-Dhénártha i ndiaidh dul isteach iontu. Tá saincheisteanna tagtha chun solais, áfach, maidir leis na difríochtaí idir iad siúd ar sannaíodh gnéas fireann dóibh tráth a mbreithe i gcomparáid leo siúd ar bhaineannaigh iad tráth a mbreithe.

# CUID 3: CUR I BHFEIDHM AGUS ATHBHREITHNIÚ

## CEISTEANNA PRAITICIÚLA

Nuair a bheidh do chur chuige i leith an bheartais socraithe agat, beidh ceisteanna praiticiúla ann maidir leis an dóigh le do bheartas a chur i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go bhfuil na hacmhainní cuí acu siúd atá freagrach as an lóistíocht phraiticiúil le gur féidir leo a ról a chomhlíonadh.

Tá sé tábhachtach agus cur chuige beartais á shocrú agat go smaoineoidh tú ar cheisteanna eile a bhaineann leis an mbeartas a chur i bhfeidhm agus ar na himpleachtaí a bheadh aige sin ó thaobh na bpróiseas reatha atá agat agus do chuid ball. Ní mar a chéile é seo do gach spórt, ach seo a leanas roinnt samplaí ar fiú machnamh a dhéanamh orthu:

### 1. FOIRMEACHA CLÁRÚCHÁIN

Ní mór go léireodh próiseas clárúcháin le haghaidh eagrais an cinneadh atá déanta agat maidir le catagóirí. Lena chinntiú go mbíonn an cur chuige curtha i bhfeidhm go seasmhach agus go laghdaítear aon chúis mhearbhaill do na baill, ní mór d'eagrais smaoineamh ar an ngaolmhaireacht idir na ceisteanna a chuirtear ar an bhfoirm iarratais agus na téarmaí i do bheartas.

Más beartas 1 nó 2 ón liosta thuas do rogha beartais - ***“Féin-aitheant bunaithe ar inscne” nó “Catagóirí inscne le ceanglais iontrála”*** smaoinigh ar an méid seo a leanas:

Bíonn cead isteach i gcatagóirí inscnebhunaithe ag brath ar fhéiniúlacht féindearbhaithe an duine. I gcás féindearbhaithe, níl gá le haon chineál idirghabháil mhíochaine ná mháinliachta, agus is féidir é a dhéanamh ag céim ar bith sa saol. Sa chás seo, ní mór go mbeidh tuiscint an duine aonair ar a bhféiniúlacht léirithe san fhoirm chlárúcháin.

Ní mór d'eagrais smaoineamh ar rogha ‘fir’ agus rogha ‘mná’ (nó buachaillí agus cailíní, ag brath ar an aois) a chur ar fáil agus sin a bheith ag teacht leis na catagóirí rannpháirtíochta a dtairgfear cead isteach iontu.

Sa chuid is mó de na spóirt, leanfaidh siad leo ag cur catagóirí ar fáil de réir comórtais fear agus comórtais ban amháin: sa chás sin ní bheidh gach inscne, daoine neamh-dhénártha leis, san áireamh. Sa chás amháin nach bhfuil sé praiticiúil catagóirí ailtéarnacha inscne a thairiscint, is gnách ligean do rannpháirtithe an chatagóir is mó atá ag teacht lena bhféiniúlacht féin a roghnú. Tairgeann spóirt ar leith, go háirithe iad siúd le himeachtaí le rannpháirtíocht an-mhór, catagóirí neamh-dhénártha.

Más beartas 3 ón liosta thuas an rogha beartais - ***“Catagóirí gnéasbhunaithe i dtaca le gnéas tráth na breithe”*** smaoinigh ar an méid seo a leanas:

Féadfaidh eagrais smaoineamh ar catagóirí fhireann agus catagóirí bhaineann a chur ar fáil mar rogha, é sin nó – ag brath ar do chur chuige – catagóirí bhaineann a thairiscint bunaithe ar ghnéas tráth na breithe chomh maith le catagóirí oscailte. Is féidir an Chatagóirí Bhaineann a shainmhíniú mar iad siúd ar sannaíodh gnéas baineann dóibh tráth a mbreithe, an Chatagóirí Fhireann a shainmhíniú mar iad siúd ar sannaíodh gnéas fireann dóibh tráth a mbreithe, agus an Chatagóirí Oscailte a chur ar fáil do gach rannpháirtí.



## Pointe Eolais

### Frithdhópáil

Tá sé tábhachtach rialúcháin frithdhópála a aithint agus déanamh dá réir i do bheartas. Tá cosc ar chógais áirithe, cógais sochta téististéaróin agus 'blocálaithe caithreachais' ar leith san áireamh, de réir rialacha na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil. Bíonn 'Díolúine um Úsáid Theiripeach' ag teastáil le páirt a ghlacadh sa spórt iomaíoch i dtaca le cógais a úsáidtear mar chuid d'aistriú míochaine. Is ó dhochtúir spóirt nó ó chleachtóir míochaine atá in ann rialacha na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil a riar a fhaightear a leithéid de Dhíolúine.

Tá téististéarón (agus oibreáin anabalacha gaolmhara) – is cuma cé acu a ghlacann duine iad ina mbéal, trí shnáthaid nó i nglóthán – ar liosta ábhar coiscthe na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil agus, go ginearálta, ní ceadmhach do lúthchleasaithe iomaíochta é a ghlacadh. Beidh ar fhir trasinscneacha agus daoine neamh-dhénártha ar sannaíodh gnéas baineann dóibh tráth a mbreithe agus atá ag glacadh téististéaróin nó atá ag iarraidh é a ghlacadh mar chuid de chúram dearbhaithe inscne, beidh orthu Díolúine um Úsáid Theiripeach a fháil roimh dhul isteach sa chatagóir fhireann nó sa chatagóir oscailte dóibh. Ach lúthchleasaí téististéarón a úsáid ar chor ar bith in am ar bith, ní bheidh sé incháilithe don chatagóir bhaineann.

## 2. IONCHUIMSIÚ TRÍ CHEANGLAS IONTRÁLA

Sna spóirt sin ar mhaith libh ionchuimsiú a thairgeadh trí chineál éigin de cheanglas iontrála (mar shampla sochtadh téististéaróin i gcatagóir na mban nó measúnú painéil ar chásanna aonair), ní mór díbh taighde a dhéanamh ar spóirt eile a bhfuil beartais chomhchosúla acu. B'fhéidir go mbeadh gnéithe de na cuir chuige beartais atá ag eagrais eile ábhartha nó infheidhme i do spórt féin. Is féidir iad a úsáid mar phointe tagartha nó eolais, ach níor chóir iad a chóipeáil gan machnamh a dhéanamh ar na riachtanais shainiúla i do spórt féin. Más mian leat ceanglais iontrála a chur i bhfeidhm, bí cinnte go bhfuil tú ar an eolas faoi na praiticiúlachtaí maidir le conas is gá a leithéid a dhéanamh sula seoltar an beartas.

I measc na gceisteanna atá le breithniú tá:

- Cén leibhéal téististéaróin san fhuil a cheadóidh tú le go mbeidh bean thrasinscneach in ann dul san iomaíocht i gcatagóir na mban?
- Cén t-achar ama a bheidh riachtanach i dtaca le sochtadh hormón sula mbeifear incháilithe do chomórtais?
- Conas a bheidh d'eagrais in ann monatóireacht a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn na leibhéal cearta fola ann i gcónaí sula mbíonn lúthchleasaí incháilithe (i. sa tréimhse roimh chomórtas), agus i gcaitheamh na tréimhse iomaíochta (le linn shéasúr na hiomaíochta agus taobh amuigh de sin aron)?
- Ní mór anailís a dhéanamh ar thástálacha fola i dtaca le leibhéal hormón trí chrómatagrafaíocht leachta móide mais-speictriméadracht (ní an gnáthghnás tástála fola).

Ní mór smaoineamh go cúramach ar anailís cás ar chás, nó measúnú riosca, a dhéanamh maidir le cead isteach ag daoine trasinscneacha agus neamh-dhénártha i gcatagóirí gnéasbhunaithe. Tá sé tábhachtach suibiachtúlacht a leithéid de ghnásanna a thuiscint, agus a thuiscint freisin go bhfuil daoine ann nach gcomhlíonfaidh na ceanglais measúnaithe. Ní mór d'eagrais smaoineamh ar na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil do dhaoine nach gceadófar isteach i gcatagóirí ar leith tríd na próisis seo.

### 3. GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC

Ní mór d'eagrais a ngnáthaimh reatha um ghearáin agus achomhairc a athbhreithniú lena fheiceáil cén t-athrú is gá a dhéanamh.

An féidir gearáin a dhéanamh agus achomharc a lorg i dtaca leis an mbeartas seo bunaithe ar na gnáthaimh reatha?

### 4. OIDEACHAS AGUS TACAÍOCHT

Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh an oiliúint chúí faighte ag na daoine cuí as measc baill foirne, oibrithe deonacha agus gnáthbhaill ionas go dtuigfidh siad na próisis atá i gceist leis an mbeartas.

Ní mór duit a aithint cé hiad na daoine a mbeidh sainoiliúint de dhíth orthu sa bhreis ar an eolas ginearálta a thabharfaidh tú do do bhaill.

An bhfuil oiliúint bhreise maidir le gearáin de dhíth orthu siúd a bhíonn ag plé le gearáin, mar shampla?

An bhfuil grúpaí ann a bhíonn i mbun réiteoireachta nó moltóireachta i do spórt a mbeidh tacaíocht bhreise de dhíth orthu?

### 5. CUMARSÁID

Beidh tábhacht mhór le cumarsáid maidir leis an mbeartas agus leis na pleananna lena chur i bhfeidhm. Má tá d'eagras i ndiaidh dul i gcomhairle leis na baill, mar a mholtar thuas sa treoircháipéis seo, beidh siad ar an eolas ar aon nós go bhfuil pleananna ann beartas a cheapadh.

Ní mór d'eagrais smaoineamh ar conas a chuirfear baill ar an eolas faoin bpolasaí agus conas a chuirfear mionsonraí an bheartais in iúl dóibh; ní mór pleanáil lena aghaidh seo.

An bhfuil grúpaí ar leith ann ar gá dul i dteagmháil go díreach leo?

An bhfuil grúpaí ar leith ann ar gá eolas níos mionsonraithe a thabhairt dóibh faoin mbeartas agus faoi na pleananna lena chur i bhfeidhm?

Cé hé/hí/hiad an teagmhálaí má tá ceisteanna ag baill nó má tá aon rud ina ábhar buairimh dóibh?

## ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Is ábhar é seo a bhíonn de shíor ag forbairt agus ag athrú. Mar sin, is tábhachtach go mbeidh eagrais tiomanta agus go gcuirfidh siad plean i bhfeidhm lena mbeartas a athbhreithniú go rialta nó de réir mar a bheidh gá leis.

## CUID 4: TACAÍOCHTAÍ

---

Tuigeann Spórt Éireann go mbeidh tacaíocht bhreise, leanúnach de dhíth ar eagrais agus beartas á fhorbairt acu sa réimse seo.

Tá acmhainní breise, a ndéanfar iad a uasdátú go rialta, le fáil ag an nasc seo a leanas:  
<https://www.sportireland.ie/transgenderguidance>

Ina measc tá:

- Cáipéis le ceisteanna coitianta
- Cáipéis tagartha
- Treoir faoi theanga ionchuimsithe
- Eolas faoi oiliúint bhreise agus ceardlanna d'eagrais ábhartha



SPÓRT  
ÉIREANN  
EITIC

SPORT  
IRELAND  
ETHICS